**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2020/2202(INI)**

25.10.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

ar an tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an gComhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (2020/2202(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Andreas Schieder

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur áiríodh sa Chomhaontú um Tharraingt Siar 'socruithe sonracha a bhaineann le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais' lenar ceanglaíodh ar an Ríocht Aontaithe, le linn na hidirthréimhse, na hoibleagáidí a eascraíonn as na comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag AE chun bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme, cibé acu a chinnfear iad le linn na hidirthréimhse nó atá i bhfeidhm cheana, agus chun tacú le ráitis agus seasaimh AE vis-à-vis tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta; de bhrí gur beartaíodh leis an gcomhaontú rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe ar bhonn cás ar chás in oibríochtaí míleata agus misin shibhialtacha AE arna mbunú faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta trí chreat-chomhaontú rannpháirtíochta, agus neamhspleáchas cinnteoireachta AE agus cinntí agus reachtaíocht ábhartha AE á n-urramú leis agus an Ríocht Aontaithe á eisiamh ó bheith i gceannas ar na hoibríochtaí nó misin sin;

B. de bhrí, an 10 Aibreán 1998, gur shínigh Rialtas na Ríochta Aontaithe, Rialtas na hÉireann agus na rannpháirtithe eile sa chaibidlíocht ilpháirtí ('Comhaontú Aoine an Chéasta'); de bhrí go ndéantar foráil leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le creat dlíthiúil lena gcaomhnaítear Comhaontú Aoine an Chéasta ina iomláine agus cearta mhuintir Thuaisceart Éireann, agus lena ndéantar coimirciú ar an tsíocháin, sláine an mhargaidh aonair agus an geilleagar uile-oileánda agus dá bhrí sin lena seachnaítear leis teorainn chrua; de bhrí go bhfuil sé d'oibleagáid ag an Ríocht Aontaithe a áirithiú go gcuirtear gach cuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta i bhfeidhm i ngach cúinse;

C. de bhrí go bhfuil comhluachanna agus leasanna slándála ag an Ríocht Aontaithe agus ag AE, i ngarchomharsanacht na hEorpa agus ar fud an domhain araon; de bhrí go bhfuil agus go mbeidh an Ríocht Aontaithe ina príomh-chomhpháirtí de chuid AE, chomh maith le bheith ina ghníomhaí lárnach laistigh de ECAT;

1. á mheabhrú, de bhun Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go bhfuil an creat don chaidreamh a bheidh ag an stát atá ag tarraingt siar leis an Aontas amach anseo le cur san áireamh sna comhaontuithe um tharraingt siar;

2. á mheabhrú go raibh sé mar choinníoll le síniú AE ar an gComhaontú Trádála agus Comhair (TCA) idir AE agus an Ríocht Aontaithe agus lena dhaingniú ag Parlaimint na hEorpa go gcuirfí an Comhaontú um Tharraingt Siar chun feidhme go hiomlán; á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil an Comhaontú um Tharraingt Siar curtha chun feidhme go hiomlán go fóill, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann;

3. á mheabhrú de bhrí go raibh forálacha soiléire arna mbunú ag an dá pháirtí maidir le comhar i réimsí an bheartais eachtraigh, na slándála agus na cosanta san áireamh sa dearbhú polaitiúil a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, nár saothraíodh na forálacha sin tuilleadh sa chaibidlíocht maidir leis an TCA mar gheall ar an easpa spéise atá ag Rialtas na Ríochta Aontaithe maidir leis na saincheisteanna sin a phlé;

4. á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin an leasa fhrithpháirtigh sa chomhar i réimsí an bheartais eachtraigh agus na slándála, a bheadh bunaithe ar luachanna comhroinnte agus a rannchuideodh leis an tsíocháin a chur chun cinn agus leis an ord domhanda riailbhunaithe a neartú, nár thángthas ar chomhaontú maidir le formáid institiúideach le haghaidh comhair, toisc gur dhiúltaigh an Ríocht Aontaithe leas a bhaint as an bhféidearthacht sin; á chur i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil méadú tagtha ar rannchuidiú na Ríochta Aontaithe leis an tslándáil Eora-Atlantach, agus ag aithint na rannchuidithe suntasacha atá déanta ag an Ríocht Aontaithe chun tacú le féinchosaint, sláine críche agus cumais faisnéise na hÚcráine;

5. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an gá le caidreamh níos déine agus níos comhordaithe idir AE agus an Ríocht Aontaithe maidir le saincheisteanna slándála méadaithe ón uair a chuir an Rúis tús lena chogadh ionsaitheach i gcoinne na hÚcráine; á iarraidh go mbeidh comhordú agus comhar fónta ann idir AE agus an Ríocht Aontaithe, chun go mbeidh siad in ann ról gníomhach a bheith acu i réiteach mórchoinbhleachtaí; ag meabhrú a togra gur cheart comhordú den sórt sin a rialú le comhchreat beartais eachtraigh idir an Ríocht Aontaithe agus AE, lena gcuirtear ardán córasach ar fáil don dá thaobh le haghaidh comhairliúchán agus comhordú ardleibhéil maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas eachtrach;

6. á chur i bhfáth, cé nár urramaíodh an dearbhú polaitiúil agus nach bhfuil aon chomhaontú ann maidir le beartas eachtrach agus cosaint, gur cheart don dá thaobh dlús a chur leis an gcomhar sna réimsí sin, le cur chuige beartais eachtraigh atá bunaithe ar an daonlathas agus ar an smacht reachta, ar chomhionannas inscne, ar dhí-armáil agus ar neamhleathadh, agus ar chomhar idirnáisiúnta don fhorbairt agus don ghníomhú ar son na haeráide;

7. á chur in iúl gur cúis mhór imní di gníomhartha Rialtas na Ríochta Aontaithe, a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó Chomhaontú Aoine an Chéasta agus an tsíocháin a dhíchobhsú i dTuaisceart Éireann; á mheabhrú nach gcomhlíonann na gníomhaíochtaí sin an Comhaontú um Tharraingt Siar, lena bhfuil sé d'oibleagáid ar an Ríocht Aontaithe a áirithiú go ndéanfar Comhaontú Aoine an Chéasta a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú ina iomláine agus i ngach cás; á mheabhrú go bhfuil na gníomhaíochtaí aontaobhacha sin ina sárú ar an dlí idirnáisiúnta, go mbaineann siad an bonn ó chaidreamh idir AE agus an Ríocht Aontaithe, go ndéanann siad dochar do chlú na Ríochta Aontaithe mar chomhpháirtí iontaofa agus go dtagann siad tráth a éilítear níos mó aontachta agus dlúthpháirtíochta idir comhghuaillithe ná riamh leis na géarchéimeanna geopholaitiúla leanúnacha; ag tathant ar Rialtas nua na Ríochta Aontaithe a bheith rannpháirteach go cuiditheach agus de mheon macánta le AE agus le gach pobal i dTuaisceart Éireann.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Kinga Gál, Sunčana Glavak, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Dietmar Köster, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Pedro Marques, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Urmas Paet, Kostas Papadakis, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Salima Yenbou |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Corina Crețu, Markéta Gregorová, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Gabriel Mato, Ramona Strugariu |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Janusz Lewandowski, Alessandro Panza |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 41 | + |
| --- | --- |
| ECR | Hermann Tertsch |
| ID | Susanna Ceccardi, Alessandro Panza |
| NI | Kinga Gál |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Traian Băsescu, Sunčana Glavak, Andrey Kovatchev, David Lega, Miriam Lexmann, Janusz Lewandowski, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Gabriel Mato, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon |
| RENEW | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Ramona Strugariu, Urmas Paet, Dragoş Tudorache, Salima Yenbou |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Corina Crețu, Dietmar Köster, Pedro Marques, Sven Mikser, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Markéta Gregorová, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Thomas Waitz |

| 1 | - |
| --- | --- |
| NI | Kostas Papadakis |

| 1 | 0 |
| --- | --- |
| ECR | Charlie Weimers |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh: